

Leibhéal B2

Topaic 6: Bia, deoch agus cúrsaí sláinte

Bileog 6.1a agus Bileog 6.1b

- Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna agus scaip **Bileog 6.1a** ar gach duine sa rang.
- *Cúrsaí sláinte – Stór focal:* Mínigh do na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag léamh ailt ar ball agus go mbeidh siad ag déanamh achoimre ar an alt sin. Abair leo na focail sa dá cholún a cheangal le chéile. Is focail iad seo atá le fáil san alt.

Freagraí:

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13	14	15	16	17	18	19	20	21	22
u	d	a	h	j	o	t	l	m	r	q	v	c	e	s	p	n	i	g	k	b	f

- *Cúrsaí sláinte – An tasc:* Scaip **Bileog 6.1b** ar an rang. Abair le gach beirt an t-alt a léamh le chéile. Bí cinnte go dtuigeann siad gach rud. Iarr ar gach beirt achoimre a scríobh ar an alt agus gan a dhul thar 100 focal. Bailigh an obair atá déanta acu nuair atá siad críochnaithe. Léigh thusa obair gach beirte agus déan plé leis an rang iomlán ar na pointí is tábhachtaí a tháinig chun cinn.
- *Cúrsaí sláinte – An teanga:* Abair leo ansin dul siar ar an alt iomlán agus samplaí de na hathruithe a thagann ar fhocail a leanann na réamhfocail shimplí a roghnú agus a chur sna boscaí. Iarr orthu ansin plé a dhéanamh ar na rialacha a bhaineann leis na réamhfocail shimplí ar, do, de, faoi, mar, ó, roimh.

Freagraí:

Consain	Gutaí
<p>Cuirtear séimhiú ar na réamhfocail shimplí seo nuair is féidir:</p> <ul style="list-style-type: none"> - ar dhaltaí - do shláinte - de shaghas - mar chuid - faoi bhun <p>* ach, ‘ar saothar’, níl séimhiú anseo mar is aonad ann féin é an dá fhocal seo, mar sin tá ciall amháin ag an dá fhocal le chéile. ‘ar saothar’ = out of breath.</p> <p>Sampla eile: Ar bhord – on a table Ar bord – aboard.</p>	<p>Athraíonn de agus do go dtí d’ nuair a leanann guta nó ‘f + guta’ iad. Ní thagann athrú ar na cinn eile. Samplaí:</p> <ul style="list-style-type: none"> - ar áiseanna - d’aois

Bileog 6.2a, Bileog 6.2b agus Bileog 6.2c

- Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr agus abair leis na foghlaimoirí go mbeidh siad ag díospóireacht pointí le chéile ar ball. Míneigh dóibh go mbeidh duine amháin i gcoinne na bpointí ar fad, duine eile i bhfabhar na bpointí ar fad agus an duine eile idir dhá chomhairle faoi na pointí ar fad.
- Scaip **Bileoga 6.2a / 6.2b / 6.2c** ar gach triúr agus léigh tríd na pointí atá ag bun an leathanaigh (sa bhosca) le bheith cinnte go dtuigeann siad gach ceann.
- Míneigh dóibh ansin go mbeidh gach duine a bhfuil ról A aige ag teacht le chéile agus ag comhoibriú chun pointí maithe a chruthú don díospóireacht. Beidh gach duine a bhfuil ról B aige ag déanamh an rud céanna agus i ngrúpa eile beidh gach duine a bhfuil ról C aige ag ullmhú pointí freisin.
- Ba cheart anois go mbeadh 3 ghrúpa nua sa rang, iad siúd a bhfuil A acu, iad siúd a bhfuil B acu agus iad siúd a bhfuil C acu. Téigh thart ar na grúpaí ansin agus léigh na treoracha atá ag barr an leathanaigh le gach grúpa (is é an ról is dúshlánaí ná ról B – an duine atá idir chomhairle. Ba cheart mar sin an ról seo a thabhairt do na daoine is cumasaí sa rang. Abair leo go mbeidh orthusan a machnamh a dhéanamh ar na tuairimí - i bhfabhar agus i gcoinne - a bheas ag na daoine eile sa díospóireacht agus a bheith in ann comhréiteach a dhéanamh ar na pointí ar fad)
- Nuair atá tamall fada go leor caite ag na grúpaí éagsúla ag cur a gcuid tuairimí le chéile cuir ar ais iad sna grúpaí ina raibh siad ag an tús. Ba cheart anois go mbeadh A, B agus C i ngach grúpa.
- Cúr tús leis an díospóireacht ansin. Iarr orthu gach pointe a phlé san ord ceart. Bí timpeall le cuidiú a thabhairt do gach grúpa.
- Iarr ar ghrúpaí éagsúla tuairisc a thabhairt ar an bplé a bhí acu.
- Pléigh aon deacracht foclóra nó gramadaí a tháinig chun cinn le linn na gníomhaíochta.

Bileog 6.3a agus Bileog 6.3b

- Scaip **Bileog 6.3a** ar an rang agus cuir gach beirt ag obair le chéile. Míneigh dóibh go mbeidh siad ag léamh oideas bia agus go mbeidh siad ag líonadh na mbearnaí.
- *Cúrsaí bia – Oideas bia:* Tabhair tamall do gach beirt tabhairt faoin chéad chuid den ghníomhaíocht – na bearnaí a líonadh sna comhábhair. Pléigh na freagraí leis an rang nuair atá siad críochnaithe:

Freagraí:

(a)

450g /1 **punt** de mhairteoil mhionaithe (*minced beef*)

Oinniún mór gearrtha go mion

75g /3 **unsa** rís (cócaráilte) bhruite

1-2 ionga gairleoige

Braon beag anlann *Worcestershire*

Piobar agus Salann

8 **nduilleog** mhóra cabáiste

30ml/ 2 spúnóg bhoird d'ola nó d'im leáite
 2 **channa** trátaí (400g)
 Oinniún mór mionghearrtha
 1-2 **ionga** gairleoige
 Cairéad mór grátáilte
 Piobar agus Salann
 3-4 spúnóg bhoird seirise (*sherry*) (rognach)
 2 **spúnóg** bhoird d'ola mhaith

(b)

Cuirtear séimhiú ar ainmfhocail tar éis na n-uimhreacha 2-6, agus cuirtear urú ar ainmfhocail tar éis na n-uimhreacha 7-10.

Freagraí:

(1).

1. **Gearr** amach an chuisle mhór i lár gach duilleog cabáiste gan an duilleog a bhriseadh.
2. **Tum** na duilleoga in uisce fiuchta ar feadh nóiméid agus ansin tum in uisce fuar iad agus triomaigh go cúramach iad.
3. **Téigh** an ola i sáspan trom, **frioch** an t-oinniún agus gairleog ar dtús. Ansin, frioch an fheoil go mion go mbíonn sí donn.
4. **Cuir** leis seo an rís bhruite, anlann *Worcestershire* agus piobar agus salann, agus **measc** go maith le chéile.
5. Roinn an meascán seo idir na duilleoga solúbtha cabáiste agus déan iad a rolladh suas go néata.
6. Cuir taobh le taobh i mias gréiscthe agus **doirt** an t-anlann trátaí ar a mbarr.
7. **Clúdaigh** agus **bácáil** ar feadh thart ar 50 nóiméad ag 180C / 350F /Gás 4.

(2)

Cuirigí, clúdaigí (ní hionann an briathar seo agus na cinn eile mar go gcríochnaíonn sé le -ígí de bhrí go bhfuil sé sa dara réimniú), téigí, gearraigí, friochaigí, tumaigí, bácálaigí, doirtigí, meascaigí

(3)

1. An bhféadfá an chuisle mhór i lár gach duilleog cabáiste a ghearradh gan an duilleog a bhriseadh?
2. An bhféadfá na duilleoga a thumadh in uisce fiuchta ar feadh nóiméid agus ansin iad a thumadh in uisce fuar agus iad a thriomú go cúramach?
3. An bhféadfá an ola a théamh i sáspan trom, an t-oinniún agus gairleog a fhriochadh ar dtús? Ansin, an bhféadfá an fheoil a fhriochadh go mion go mbíonn sí donn?
4. An bhféadfá an rís bhruite a chur leis seo, anlann *Worcestershire* agus piobar agus salann, agus iad a mheascadh go maith le chéile?
5. An bhféadfá an meascán seo a roinnt idir na duilleoga solúbtha cabáiste agus iad a rolladh suas go néata?

6. An bhféadfá iad a chur taobh le taobh i mias ghréiscthe agus an t-anlann trátaí a dhoirteadh ar a mbarr?

7. An bhféadfá iad a chlúdach agus a bhácáil ar feadh thart ar 50 nóiméad ag 180C / 350F / Gás 4?

(4)

Baintear úsáid as an mhodh ordaitheach i gcásanna an-neamhfhoirmiúla, le daoine a bhfuil tú mór leo nó le páistí mar shampla. Baintear úsáid as ‘Ar mhiste leat?’ nó ‘An bhféadfá?’ nuair is mian leat a bheith béasach agus foirmiúil. Is féidir an modh coinníollach a úsáid sa chás seo chomh maith.

(5)

Tabhair tamall dóibh a bheith ag déanamh cur síos ar mhias a dhéanann siad go minic mar chleachtadh ar a bhfuil déanta acu go dtí seo san aonad.

- Scaip **Bileog 6.3b** ar an rang agus cuir gach beirt ag obair le chéile.
- *Cúrsaí bia – Éisteacht:* Léigh tríd na treoracha seo agus an píosa faoin chlár *Blúirín Blasta*. Cuir an mhír ar siúl dhá uair agus tabhair seans do gach beirt na ceisteanna 1-2 a dhéanamh le chéile ar dtús. Ansin tabhair seans dóibh éisteacht leis an téip arís chun ceist 3 a dhéanamh.

Freagraí:

(1)

sa mbabhla	duilleogaí	cabáiste	gheobhaidh mé	dá dtriomú
rúinín	uilig	leo(b)	sciobtha	

(2)

Iarr orthu plé a dhéanamh ar na deacrachtaí a bheadh ann clár mar seo a dhéanamh.

(3)

anseo is ea agus ansin so anois sin é

- *Cúrsaí bia – Stór focal:* Iarr ar gach beirt ransú intinne a dhéanamh ar stór focal a bhaineann le cúrsaí bia faoi na teidil atá luaite. Samplaí:

Feoil agus iasc

bagún
liamhás
uaineoil
sicín(i)
glasá(i)n
breac/bric

ispíní
muiceoil
stéig filléid
cadóg(a)
só(i)l
leathóg(a)

putóg dhubh agus bhán
mairteoil
stéig chaoldroma
trosc/troisc
bradá(i)n

Bia déiríochta

bainne
cáis
im
uachtar
iógart
uachtar reoite
ubh(uibheacha)

Glasraí & torthaí

oinniú(i)n	cóilis(eacha)	práta(í)
tráta(í)	cairéad/cairéid	beacá(i)n
pónairí glasa	luibh(eanna)	leitís
piseanna	cabáiste	meacan bán/meacain bhána
úll(a)	oráiste(oráistí)	banana(í)
piorra(í)	pluma(í)	péitseog(a)
caor(a) fíniúna		

- *Cúrsaí bia – Plé:* Cuir gach ceathrar le chéile anois chun píosa cainte a dhéanamh agus na ceisteanna 1- 6 a phlé le chéile. Ba cheart do gach duine sa ghrúpa freagra a thabhairt ar cheist 1 sula mbogann siad ar aghaidh go dtí an chéad cheist eile agus leanfaidh an ghníomhaíocht ar aghaidh mar sin. Bí ag siúl timpeall tú féin i gcónaí chun cabhrú leo, más gá.

Bileog 6.4a agus Bileog 6.4b

- Bíodh grúpaí de cheathrar ann go fóill agus scaip **Bileog 6.4a** ar an rang iomlán.
- *Bia agus bialanna – Plé:* Iarr orthu ransú intinne a dhéanamh ar na focail sna ciorcail. Bíodh na focail seo ina measc:

Cineál bia

<i>Bia Indiach</i>	<i>Síneach</i>	<i>Francach</i>	<i>Éireannach</i>	<i>Spáinneach</i>
<i>Spíosrach</i>	<i>Folláin</i>	<i>Sláintiúil</i>	<i>Éadrom/trom</i>	<i>Sailleach</i>
<i>Orgánach</i>				

Díol bia

<i>Siopa grósaera</i>	<i>Margadh feirmeoirí</i>	<i>Lipéid</i>
<i>Praghas</i>	<i>B'fhéarr roimh (best before)</i>	<i>Spriocdháta díola</i>
<i>As dáta</i>		

Bia gasta

<i>Sailleach</i>	<i>Míshláintiúil</i>	<i>Rómheáchan</i>
<i>Andúile</i>	<i>Áisiúil</i>	<i>Carbaihiodráit</i>
<i>Colaistéaról</i>		

- Tabhair deis do gach grúpa na pointí a phlé le chéile. Pléigh na pointí leis an rang ar fad nuair atá píosa maith cainte déanta acu.
- *Bia agus bialanna – Stór focal:* Abair le gach beirt Gaeilge a chur ar na focail Bhéarla:

seoladh, teileafón, leathanach gréasáin, uaireanta oscailte, spás, raon praghsanna, atmaisféar, bia, seirbhís, luach do chuid airgid.

- *Bia agus bialanna – Léamh:* Scaip an léirmheas ar Caife Úna (**Bileog 6.4b**) ar an rang agus iarr ar gach beirt é a léamh amach os ard le chéile. Tabhair seans dóibh na ceistanna a fhreagairt. Téigh siar ar na freagraí leis na foghlaimeoirí nuair atá siad críochnaithe.
- *Bia agus bialanna – Stór focal:* Tabhair tamall do gach beirt na focail a bhfuil líne fúthu sa téacs a chur in abairtí chun a mbrí a léiriú. Seo thíos na focail i mBéarla:

Sócúl: ease, comfort

Monabhar – murmuring, murmur

Iontaofa – reliable

Furasta – easy

Ilghnéitheach – diverse, various

Amach anseo – in the future

- *Bia agus bialanna – Teanga:*

Freagraí:

- (1) Ciallaíonn **urú** *eclipse* as Béarla. Athraíonn fuaim an chéad chonsain d'ainmfhocal nuair a chuirtear urú roimhe agus glacann an t-urú an fhuaim nua.
- (2) Seo iad na hamanna is coitianta a úsáidtear an t-urú:
 - an fhoirm cheisteach den bhriathar
 - i ndiaidh 'i'
 - an tuiseal tabharthach i gcanúint na Mumhan agus i gcanúint Chonnacht.
 - an coibhneasta indéach
- (3)
 - ar an gcathair: *an tuiseal tabharthach*
 - a mbeifeá ag súil leo: *coibhneasta indéach*
 - tá muid ag iarraidh go mbeadh: *coibhneasta indéach tar éis go*

- roimh dhaoine nach bhfuil an teanga ar a **d**toil acu: *aidiacht shealbhach, uimhir iolra*
- i **bh**feidhm: *tar éis 'i'*

(4)

Nuair a thagann dhá ghuta le chéile mar seo, cuidíonn an 'h' seo le rithim fhuaimne na bhfocal.

- *Bia agus bialanna – An tasc:* Mínigh dóibh go mbeidh ar gach duine léirmheas a dhéanamh ar an bhialann is deireanaí a raibh siad inti. **Tábhachtach!** Ní bheidh ach nóiméad amháin acu an cur síos seo a dhéanamh os comhair an ranga. Caithfidh siad rud éigin a rá faoi na teidil luaite. Abair leo an léirmheas ar Caife Úna a úsáid mar threoir.
- Tabhair seans do gach duine a léirmheas a léamh amach os ard. Ceartaigh aon bhotún más gá.



OÉ Má Nuad